Nuachtlitir Teaghlaigh
3 Aibreán 2020

Tráth na gceist beo Theaghlaigh

Tá áthas ar Ghlór na nGael a fhógairt go bhfuil siad ag cur go suntasach leis na hacmhainní atá dhá chur ar fáil ar líne mar thacaíocht do theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge.

Le cur leis an réimse tacaíochta beidh clár beo Tráth na gCeist Idirghníomhach do Theaghlaigh dhá chraoladh ar *Facebook Live* uair sa tseachtain ón Domhnach seo ar aghaidh.

Clár a bheidh ann gur féidir leis na teaghlaigh páirt a ghlacadh ag freagairt na ceisteanna ar fhoirmeacha ar líne, ag fáil a gcuid torthaí i ndiaidh gach babhta agus dar ndóigh beidh duais ann don fhoireann a fhaigheann an scór is airde gach seachtain.

"Beidh ceisteanna ar leith as gach babhta dírithe ar na páistí mar sin beidh a gcuid saineolais siúd riachtanach do gach foireann!" a dúirt Mac Gabhann.

Tosnóidh an craoladh ag 18:45 le ham a thabhairt do gach teaghlach a chinntiú go bhfuil na foirmeacha acu agus an sruth ar *Facebook Live* le feiceáil agus le cloisteáil acu.

Cuirfear tús leis an Tráth na gCeist ag 19:00.

Beidh an lucht féachana in ann teachtaireachtaí a sheoladh isteach tríd Facebook lena dtacaíocht a léiriú do na foirne agus tá súil 'cuairt físiúil' a thabhairt ar theaghlach nó dhó le linn an chláir.

acu agus an sruth ar *Facebook Beidh*an lucht féachana in ann teachtaireachtaí a sheoladh isteach tríd Facebook lena dtacaíocht a léiriú do na foirne agus tá súil 'cuairt físiúil' a thabhairt ar theaghlach nó dhó le linn an chláir.

Beidh fáil ar gach eolas maidir leis an chlár agus nasc go dtí na foirmeacha

- ar www.glornangael.ie ar an Satharn agus Domhnach ▫
- ar leathanach Facebook Ghlór na nGael ar an Domhnach; agus

Ar lean ar leathanach 2

- is féidir le teaghlaigh clárú trí rphost a sheoladh go dtí: beo@glornangael.ie▫

CLÁR NA NUACHTLITREACH

Lch 2

Tábhacht an tsúgartha

Lch 4

Fógraí

Lch 5

Rannóg na nÓg

Ar lean ó lch 1

- is féidir le teaghlaigh clárú trí rphost a sheoladh go dtí: beo@glornangael.ie agusseolfar na foirmeacha agus na sonraí uilig amach ar rphost ar an Satharn.

Gach lá le coicís anuas tá físeáin agus crosfhocail cruthaithe agus léirithe go hinmheánach ag foireann na heagraíochta; físeáin cheardaíochta, léamh scéalta, amhráin nuachumtha agus aclaíochta, chomh maith le Crosfhocail na nÓg agus gnáth chrosfhocail.

Dúirt Ceannasaí Ghlór na nGael, Lorcán Mac Gabhann, go bhfuil sé de rún ag an eagraíocht leanacht ar aghaidh ag tabhairt gach tacaíocht gur féidir do na teaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge nó atá ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid sa mbaile.

"Is léir dúinn ón líon daoine atá ag féachaint agus ag baint úsáide as na hacmhainní seo agus an méadú suntasach atá tagtha ar an lucht lea-

Tábhacht an tsúgartha in oideachas do leanaí

Spreagann súgradh samhlaíocht an linbh chun fás agus bláthú.

Is trí shúgradh samhlaíoch is féidir le rudaí simplí laethúla a bheith mar na bréagáin is spreagúla.

Spreagann sé cruthaitheacht a threisiú, ag cabhrú le leanaí sóisialú agus cairdeas a dhéanamh.

Cuidíonn sé le scileanna sóisialta a fhorbairt agus cabhraíonn sé leo na daoine timpeall orthu a thuiscint agus áit s'acu féin sa saol a chinntiú.

Is féidir le súgradh lasmuigh scileanna fisiciúla a fhorbairt; ag cabhrú le leanaí rith, léim agus dreapadh go sábháilte, ag cur lena n-aclaíocht agus ag cabhrú lena scileanna maithe mótair a fhorbairt.

Níos tábhachtaí fós, soláthraíonn an súgradh amuigh spás do leanaí spraoi a bheith acu.

Saorshúgradh

Tá saorshúgradh, is é sin spraoi nach bhfuil struchtúrtha, tábachtach d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an linbh ag aois óg.

Trí shaorshúgradh, bíonn níos mó neamhpleáchais ag páistí; bogann siad idir timpeallachtaí éagsúla,; bíonn siad in ann foghlaim trí eispéiris phearsanta agus dul chun cinn nó forbairt ina n-am féin.

Méadaíonn sé a gcuid eolais agus tuiscint ar an domhan timpeall orthu.

Meastar go forleathan go leanann na buntáistí a éiríonn as seo ar aghaidh níos déanaí sa saol.

Nuair atá súgradh ar súil ag na leanaí, bíonn siad ag lorg rioscaí agus forbraíonn siad a bhféinmheas agus a muinín.

Teastaíonn eispéiris dhúshlánacha choirp uathu, ach is minic a laghdaíonn daoine fásta na deiseanna seo.

Ról an tuismitheora

Ní mór, mar sin, do dhaoine fásta timpeallachtaí oiriúnacha a sholáthar don súgradh.

Is féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim trí shúgradh, bídís ag gníomhú mar neamh-rannpháirtí, mar chomhpháirtí súgartha nó mar chomhpháirtí cainte.

Is scil thábhachtach é a bheith ar an eolas faoi cathain is ceart seasamh siar, chun a chur ar chumas leanaí fadhbanna a réiteach go cruthaitheach agus foghlaim trí bhotúin a dhéanamh.

Is féidir le tuismitheoirí cabhrú leis na hacmhainní is fearr a roghnú chun tacú le súgradh leanaí agus é a leathnú.

Is féidir le tuismitheoirí foghlaim faoi riachtanais shúgartha a bpáistí trí:

- Bheith airdeallach ar cad a dhéanann páistí ina gcuid súgartha;
- Bheith airdeallach ar cá fhad a mhaireann siad ag imirt;
- Suntas a dhéanamh de na patrúin a thagann chun cinn ina gcuid súgartha; agus
- Bheith mar chomhpháirtí sa súgartha.

A Chairde Gaeil

Aithníonn muid an tréimhse dhúshlánach atá amach romhainn mar phobal.

Mar ghníomh beag le cuidiú lenár gCairde Gaeil tá laghdú suas le 50% i láthair na huaire ar phraghas formhór na gcluichí atá ar fáil ar:

www.udar.ie

Leanaimís leis an spraoi inár dteanga dúchais !

Údar.ie
siopa gaeilge ar-line

Glór na nGael

Glór na nGael, Ráth Chairn, Co. na Mí 00353 (0)46 943 0974

Ceardaíocht

Teanga Tí

Duilleoga a Phriontáil ar Chlocha

De Dhíth

· Meascán de chlocha (is féidir iad seo a bhailiú agus sibh amuigh ag siúl)
· Meascán de dhuilleoga
· Péint (dathanna eagsúla)
· Scuabanna péinte

Céimeanna

1. Glan na clocha agus na duilleoga agus lig dóibh triomiú
2. Cuir péint ar thaobh amháin de na clocha agus lig dóibh triomiú
3. Cuir péint ar dhuilleog amháin, agus é fós fliúch, leag é go cúramach ar an chloch agus tóg arís é
4. Lig dó triomiú.
5. Déan céimeanna 3 agus 4 arís leis na duilleoga eile

Déan Teagmháil Linn

Más spéis libh páirt a ghlacadh i líonra fíorúil le teaghlaigh eile Ghaeilge, cuir scéal chuig marcas@glornangael.ie

Glór na nGael

Aireachas do Pháistí

Teanga Tí

Tá Mé Buíoch

1

Sula dtéann tú a luí, bí ag smaoineamh ar dhuine nó ar rud éigin a bhfuil grá agat dó, nó rud éigin iontach a tharla duit.

B'fhéidir go bhfuil tú buíoch as am a chaitheamh le do theaghlach, as béile blasta, nó as cara nua. Scríobh faoi nó tarraing pictúir den rud a bhfuil tú ag smaoineamh air.

2

Tarraing isteach trí anáil dhomhain **aireach** agus bí buíoch.

3

Cuir an rud a scríobh nó a tharraing tú in aice le do leaba. Is féidir amharc air nuair a mhúsclaíonn tú. Cuirfidh sé na rudaí maithe i do shaol i gcuimhne duit.

Glór na nGael
Déan teagmháil linn:
marcas@glornangael.ie